Cia an chúirt-se ’san caisléan mór?
[RIA 744 (A/v/2), ‘Dillon Duanaire’, 9b]
[Deibhidhe, Dán Díreach]

1 Cía an chúirt-si ’san caislén mór
ad-chím a chrotha ar ccláochlódh
ní nár dhúin nach aithním í
an múr (c)cloichshlim ad-chíthí.
2 Ni hiongnadh nach aithneand sinn
t[é?]rná égcosc a hinnill
in chúirt chíordhubh cáit ’nar ghabh
síothbhrugh ’na háit is iongnadh.
3 Deacair d’fhior a heóluis féin
in teidhm-si tárla dhi-séin
breachtrain mhúir eangbhláith d’aithne
in seanraith n-úir n-airmghairthe.
4 Geanchúirt chríadh in chaisléin mhóir
féch libh nach lór do tsheanmóir
cúirt tsháor as úaisle d’obar
a háol fúair-si a fothroghadh.
5 Coscc fíabhrusa clódh cumhadh [10a]
a hinneall a hordugadh
cúirt bháinte na ngloinshéd ngeal
coimhéd sláinte na silleadh.
6 Tuir gheala na ríoghbhrugh réidh
gérb fada a n-anchruth íad-séin
tug gloine na ngealbhrugh sin
deallradh goile ’na ng[.........].
7 Treabh áirsidh is áille dealbh
cúirt chaithmhe chloi[nn]e [Goi]sdealbh
ní múchtur a soillsi soin
dá ndúntur doirsi an dúnaidh.
8 D’éis gach adhnaidh dá bfúair sé
múr sean is soillse a nduibhré
tug seanmhúr na bfód bfoirfi
’na dheaghdhún óg áonoidhche.
9 Trí chéud blíadhain ré cois céud
áois in dúin dearbhtha in coimhéd
gé i-tá úr ’na hobu[i]r óig
in dún do thógaibh Teabóid.
10 Tugsad sealbh in fhóid iobhraidh
clann ghuaisbertach Ghoisdelbaigh
in ghég tsháor dá bfrémhaibh féin
d’énfhuil ar-áon is íad-séin.
11 An Goisdealbhach tig ar tós
’na seilbh sin is é imthós
ón chuid oile d’ógbadh Gall
go fódmhagh mhuighe Mánann.
12 Síol in Díolmhuinigh go dearbh
sul fúair cairt chloinne Goisdelbh

ní mó a ccóir ar mhoigh Midhe
gé thoir dhóibh is dáoinighe.

13 [D]o-chúaidh úatha dá éis soin
gein tsochair gur fhás úathaibh
a ttrén a ttreise a mbáthadh
frémh na deise dearbhráthur.

14 Díon a chéile as dóibh dleaghar
do bhreith a ngég ngeinioladh
gídh bé dhíobh dream is treise
ón fearr díon na deisi-se.

15 Dlighidh Teabóid íad d’fhaire
cnuic chorra chláir Chíarraidhe
gídh bé a-déradh nach dleaghair
féchadh sé na seinlebhair.

16 Clann Ghoisdealbhaigh na reand réidh
gé hionann fuil dó is dóibh-séin
tús garma is oighreacht an fhóid
d’oirbeart tárrla do Theabóid.

17 Sior Teabóid Díolmhain dearc mall
eite seólta slóigh fhinnGhall
’na beithir ’na ghríbh ar ghal
feithidh dá thír ’na thimchal.

18 Bí[dh] go neimnech eacht eile [10b]
’na dhraig úathmhoir aingidhe
bídh go ccéill ag cáomhna cáigh
go háobhdha ’s go méin mhacáimh.

19 Do mhéin Mhathghamhna in l[eó?]mhain
bídh feadh in fhuinn ilcheólaidh
’s a-rís a n-aimsir e[ile]
[..........]sigh theinntighe.

20 Bídh go ceannsa fá co[rnaibh?]]
[’s ’na o]ide ’sna healadhnaibh
’s ’na fhéinnidh ar feadh bfeirge
[ré?] seal [...] amh [leg. déinimh?] díbheirge.

21 Beannacht [uaim l]é clainnaibh Cuinn
dá n-éis ní mór go maruim
[...] uil [im?] ghlór ag Gallaibh
is lór dhúin a ndubhramair.

22 Gio[...] Teaboid trúagh in dáil
m’fear cumainn is mo chompán
téid a-nois fa túir ttoirsi
dhúin a ccois an chomainn-se. Cia...